Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Samhain 2025
(OR. en)

14920/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0233 (NLE)

JUSTCIV 174
CONSOM 248
MARE 41
COMER 150
RELEX 1400

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12057/25 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long') - Comhaontú i bprionsabal -Iarraidh ar thoiliú Pharlaimint na hEorpa |

1. Glacadh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022 ('Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long'). Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gCoinbhinsiún sin a shíniú, a glacadh an 12 Nollaig 2023[1].

2. Shínigh an tAontas Eorpach 'Coinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long' an 14 Márta 2024.

[1] Cinneadh (AE) 2024/414 ón gComhairle an 21 Nollaig 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis na hÉifeachtaí Idirnáisiúnta a bhaineann le Díol Breithiúnach Long, Coinbhinsiún a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac an 7 Nollaig 2022, IO L, 2024/414, 29.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/414/oj

3. An 24 Iúil 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Bhéising maidir le Díol Breithiúnach Long, agus Dearbhú ag gabháil leis lena leagtar amach inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh, tráth a thabhairt i gcrích.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta an togra an 17 Meán Fómhair agus an 10 Deireadh Fómhair agus d'fhormhuinigh sí é, mar a modhnaíodh é, chun roinnt coigeartuithe riachtanacha a chur san áireamh.

5. Tá téacs an Choinbhinsiúin ar fáil i ngach teanga in 15716/23 agus 15716/1/23 REV 1.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   a) teacht ar chomhaontú i bprionsabal i ndáil leis an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin agus an dearbhú ábhartha inniúlachtaí atá i gceangal leis seo, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch orthu (14882/25 + ADD 1);

   b) a chinneadh an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin, a bhfuil an Coinbhinsiún sin i gceangal leis, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.